



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2023  
(OR. en)

14966/23

AGRI 675  
FOOD 81  
SAN 630

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuir:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 676 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le bia agus comhábhair bhia a chóireáiltear le radaíocht ianúcháin le haghaidh na mblianta 2020-2021

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 676 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 676 final



An Bhruiséil, 27.10.2023  
COM(2023) 676 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le bia agus comhábhair bhia a chóireáiltear le radaíocht ianúcháin le haghaidh  
na mblianta 2020-2021**

## Ábhar

ACHOIMRE.....	2
1 CÚLRA .....	2
2 SAORÁIDÍ IONRADAÍOCHTA FORMHEASTA .....	3
3 TORTHAÍ NA SEICEÁLACHA A RINNEADH I SAORÁIDÍ IONRADAÍOCHTA IN 2020-2021 .....	4
4 TORTHAÍ NA SEICEÁLACHA AG CÉIM MHARGAÍOCHTA NA dTÁIRGÍ .....	5

## ACHOIMRE

De réir Airteagal 7(3) de Threoir 1999/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999<sup>1</sup> maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia agus comhábhair bhia a chóireáil le radaíocht ianúcháin, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a chur chuig an gCoimisiún gach bliain:

- torthaí na seiceálacha a rinneadh i saoráidí ionradaíochta, lena n-áirítear catagóirí agus cainníochtaí an bhia-ábhair a cóireáladh le radaíocht ianúcháin agus na dáileoga a tugadh, agus
- torthaí na seiceálacha a rinneadh ag céim mhargaíochta na dtáirgí.

Le hAirteagal 7(4) den Treoir, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an bhfaisnéis a chuireann na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta ar fáil gach bliain.

Leis an tuarascáil seo cumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2021. Tá tiomsú den fhaisnéis a sheol Ballstáit an Aontais agus Tuaisceart Éireann chuig an gCoimisiún. Níor chuir tíortha CSTE sonraí ar bith isteach in 2020 agus 2021.

Tréimhse: 1/1/2020 – 31/12/2021

Tíortha lena mbaineann: 27 mBallstát den Aontas agus Tuaisceart Éireann

### Saoráidí ionradaíochta:

- An líon tíortha atá feistithe: 13 Bhallstát agus an Iorua
- An líon saoráidí atá formheasta: 22
- An líon saoráidí atá dúnta: 0
- An líon tíortha a dhéanann ionradaíocht: 10 mBallstát

### Sonraí cóireála:

- An chainníocht táirgí a cóireáladh: 5 029.1 tona (-35.8 % i gcomparáid le 2018-2019)
- Na príomhthráchtearraí a cóireáladh: ‘Cosa froig’ (76.4 %), ‘Éanlaith chlóis’ (11.9 %) agus ‘Luibheanna aramatacha triomaithe, spíosraí agus blastanais glasraí’ (11.6 %)
- Príomháit na hionradaíochta: An Bheilg (83 %)

### Na seiceálacha ag an gcéim mhargaíochta:

- An líon samplaí a ndearnadh anailís orthu: 7 667
- An líon samplaí neamhchomhlíontacha: 66 (0.9 %)
- Na príomhthráchtearraí a ndearnadh anailís orthu: ‘Luibheanna agus spíosraí’ (43.84 %) agus ‘Gránaigh, síolta, glasraí, torthaí agus a dtáirgí’ (25.98 %)

## 1 CÚLRA

Is éard is ionradaíocht bia ann bia-ábhair a chóireáil le cineál áirithe fuinnimh radanta ar a dtugtar radaíocht ianúcháin. Tá tonnfhaid agus céimeanna cumhachta éagsúla ag fuinneamh radanta agus imíonn sé nuair a bhaintear an fhoinsé fuinnimh. Úsáidtear

<sup>1</sup> Treoir 1999/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia agus comhábhair bhia a chóireáil le radaíocht ianúcháin (IO L 066 13.3.1999, lch. 16).

ionradaíocht chun críoch sláintíochta agus fiteashláintíochta chun baictéir phataigineacha (amhail *Salmonella*, *Campylobacter* agus *E. coli*) is cúis le nimhiú bia a mharú agus chun deireadh a chur le horgánaigh a dhéanann dochar do tháirgí plandaí nó plandaí, amhail feithidí agus lotnaidí eile. Úsáidtear ionradaíocht bia freisin chun moill a chur ar aibiú torthaí, chun cosc a chur ar phéacadh glasraí (amhail prátaí agus oinniúin) agus chun síneadh a chur le seilfré bia-ábhar. Ní hionann an ionradaíocht bia agus láimhseáil cheart bia. Ní mór fós bianna ionradaithe a chuisniú go leordhóthanach agus a chócaráil sula n-itear iad i gcásanna áirithe.

Cuimsítear an méid seo a leanas i gcreat rialála an Aontais Eorpaigh maidir le hionradaíocht bia ('treoracha maidir le hionradaíocht bia'):

– Treoir 1999/2/CE (Treoir réime) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia agus comhábhair bia a chóireáiltear le radaíocht ianúcháin. Leagtar síos ann forálacha maidir le monarú, margú agus allmhairiú bianna agus comhábhar bia a chóireáiltear le radaíocht ianúcháin.

– Treoir 1999/3/CE (Treoir cur chun feidhme) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le liosta Comhphobail de bhianna agus de chomhábhair bhia a ndéileáiltear leo le radaíocht ianúcháin a bhunú<sup>2</sup>. Níl ach catagóir amháin bhia sa liosta seo faoi láthair: Luibheanna aramatacha triomaithe, spíosraí agus blastanais glasraí. Foilsíonn an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* liosta na n-údaruithe náisiúnta le haghaidh bia eile agus comhábhair bhia eile a fhéadfar a chóireáil le radaíocht ianúcháin.

Ní féidir bia agus comhábhair bhia a chóireáil le radaíocht ianúcháin ach amháin i saoráidí ionradaíochta formheasta. I gcás saoráidí atá bunaithe ar chríoch an Aontais Eorpaigh, is iad údarais inniúla na mBallstát dhéanann iad a fhorghnó. Le hAirteagal 7(3) de Threoir 1999/2/CE ceanglaítear ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi liosta na saoráidí ionradaíochta formheasta atá acu.

Faoi Airteagal 6 de Threoir 1999/2/CE, ní mór aon bhia ionradaithe nó aon chomhábhar bia ionradaithe de chomhbhia a lipéadú leis na focail 'ionradaithe' nó 'cóireáilte le radaíocht ianúcháin'.

Chun cur chun feidhme ceart an cheanglais lipéadaithe sin a rialú agus chun bianna a d'fhéadfadh a bheith cóireáilte go neamhdhleathach le radaíocht ianúcháin a bhrath, rinne an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) roinnt modhanna anailíse a chaighdeánú.

## 2 SAORÁIDÍ IONRADAÍOCHTA FORMHEASTA

Ag deireadh na tréimhse tuairiscithe (an 1 Eanáir 2020 - an 31 Nollaig 2021), bhí 22 shaoráid ionradaíochta fhorghnó san Aontas agus bhí siad lonnaithe in 13 Bhallstát: An Fhrainc (5), an Ghearmáin (4), an Bhulgáir (1), an Ísiltír (2), an Spáinn (2), an Bheilg (1), Poblacht na Seice (1), an Chróit (1), an Eastóin (1), an Iodáil (1), an Ungáir (1), an Pholainn (1) agus an Rómáin (1).

As na 13 Bhallstát sin a bhfuil saoráidí ionradaíochta acu, níor ionradaíodh aon bhia-ábhar i dtrí cinn acu le linn na tréimhse 2020-2021: an Bhulgáir, an Iodáil agus an Rómáin.

---

<sup>2</sup> IO L 66, 13.3.1999, lch. 24.


### 3 TORTHÁÍ NA SEICEÁLACHA A RINNEADH I SAORÁIDÍ IONRADAÍOCHTA IN 2020-2021

Rinneadh cainníocht iomlán de 5 029.1 tona de bhia-ábhair a chóireáil trí ionradaíocht ianúcháin i mBallstáit an Aontais le linn na mblianta 2020 agus 2021. Is sa Bheilg, den chuid is mó, a cuireadh cóireáil ar 83 % de bhia ionradaithe an Aontais.

Ba iad cosa froig (76.42 %), éanlaith chlóis (11.92 %) agus luibheanna aramatacha triomaithe, spíosraí agus blastanais glasraí (11.6 %) na trí phríomhearra a ionradaíodh san Aontas Eorpach .


Léirítear i bhFíor 1 dáileadh na dtáirgí a ionradaíodh i saoráidí formheasta i mBallstáit an Aontais in 2020 agus 2021.

Fíor 1 – Dáileadh de réir catagóir bia-ábhar ionradaithe san Aontas in 2020-2021



Tá laghdú ag teacht ar chainníochtaí na mbia-ábhar (i dtonaí) a chóireáiltear le radaíocht ianúcháin ó bhí 2010 ann faoi mar a léirítear i bhFíor 2.


Fíor 2 – Na cainníochtaí bia-ábhar a cóireáladh le radaíocht ianúcháin i saoráidí ionradaíochta formheasta laistigh den Aontas Eorpach ó bhí 2010 ann



#### 4 TORTHAÍ NA SEICEÁLACHA AG CÉIM MHARGAÍOCHTA NA dTÁIRGÍ

Don tréimhse 2020-2021 rinne 24 Bhallstát anailís ar 7 667 sampla, i.e. 21.8 % níos lú ar an iomlán ar an meán ná mar a bhí in 2018-2019. Tá na sonraí maidir le gach Ballstát den Aontas ar fáil in Iarscríbhinn II agus tá achoimre orthu i bhFíor 3.

Fíor 3 – Samplaí a ndearnadh anailís orthu ag céim mhargaíochta na dtáirgí laistigh de gach Ballstát in 2020-2021



Ní dhearna trí Bhallstát aon seiceáil anailíseach ag céim mhargaíochta na dtáirgí in 2020-2021 de bharr srianta buiséadacha (an Danmhairg) nó easpa acmhainneachta saotharlainne (an Chipir agus an Eastóin).

Ón iomlán de 7 667 sampla a ndearnadh anailís orthu, ní raibh 66 cinn díobh comhlíontach (0.9 %) agus thug 80 ceann díobh (1 %) torthaí neamhchonclúideacha. Lipéadú mícheart agus ionradaíocht thoirmiscithe den chuid is mó a bhí sa neamhchomhlíonadh a tugadh faoi deara. Bhí céatadán na neamhchomhlíontachta (0.9 %) beagán níos ísle ná mar a bhí sa tréimhse tuairiscithe roimhe seo in 2018-2019 (1 %).

Ag an gcéim mhargaíochta, mar a léirítear i bhFíor 4, ba iad ‘luibheanna agus spíosraí’ (43.84 %) na príomh-bhia-ábhair a ndearnadh anailís orthu agus ina dhiaidh sin ‘gránaigh, síolta, glasraí, torthaí agus a dtáirgí’ (25.98 %).

Fíor 4 – Catagóir na mbia-ábhar a ndearnadh anailís orthu ag céim mhargaíochta na dtáirgí táirgí laistigh den Aontas Eorpach in 2020-2021

